
Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Cad a tharla d'Fhia Mór na mBeann?



**Ceapann eolaithe go raibh an chuma seo ar fhia mór na mbeann, atá díofa anois!**


Samhlaigh turas siar go dtí 11,000 bliain ó shin! Ag an am sin, bhíodh fia mór na mbeann ag fánaíocht ar fud na hÉireann. Chuaigh siad in éag in Éirinn thart ar 10,500 bliain ó shin nuair a tháinig an fuacht arís agus mar thoradh air sin ní raibh aon bhia le hithe acu.

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*
Natural History

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!


## An mbíodh Fianna Móra na mBeann in adharca a chéile sa Chabhán?

**Suíomhanna inar aimsíodh fianaise iontaise ar fhia mór na mbeann san Oighearaois ar oileán na hÉireann.**



Tá an churiarracht ag fia mór na mbeann as na beanna is mó ar domhan a bheith acu! Tá siad ar bharr a gcinn agus is féidir leo a bheith beagnach 4 mhéadar ar leithead!

Luibhiteoir ab ea fia mór na mbeann, rud a chiallaíonn nach n-itheadh sé ach plandaí. D'itheadh siad an féar agus na toir a bhí ag fás ar fud na hÉireann san am atá thart.



Tá iontaisí cnámharlach, blaoscanna agus beann ó níos mó ná 200 fia mór na mbeann in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra.


Aimsíodh iontaisí an fhia mhóir i ngach ceann den 32 chontae in Éirinn! Gach seans go bhfuil cuid acu gar don áit ina bhfuil tú féin i do chónaí. Tá cuid de na hiontaisí 37,000 bliain d'aois!

# Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Cabhraigh leis an bhFia Mór Éalú ón Leac Oighir!

### Puzal Lúbra




Ó, a thiarcais! An féidir leat lámh chúnta a thabhairt? Tá fia mór na mbeann sa phictiúr ag iarraidh éalú ón gclúid oighir atá ag bogadh trasna na hÉireann. Tá do chabhair ag teastáil uaidh chun taisteal go sábháilte ó thuaisceart go deisceart na tíre. Úsáid peann nó peann luaidhe chun an bealach is sábháilte tríd an lúbra a aimsiú, ag déanamh cinnte nach gcasfaidh sé ar aon chreachadóirí ocracha ar an mbealach.

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Natural History